Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe EFG 1




CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 1

CC BY NC




# Intreoir

## Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe

# Fórleargas EFG – Lá 1

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1** | • Intreoir maidir le Réasúnaíocht Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe<br>• An tsonraíocht agus Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhiosrú |
| **Seisiún 2** | • An tsonraíocht a thuiscint mar aon leis an gcur chuige comhtháite neamhlíneach i leith na foghlama ar fud na snáitheanna<br>• Ag dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama |
| **Seisiún 3** | • Scrúdú a dhéanamh ar na Tascanna Foghlama Feidhmeacha (TFFanna) agus ar an gcaoi a gcuireann siad ar chumas scoláirí dul i ngleic go comhoibríoch le croíchoincheapa Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe i gcásanna barántúla |

# Fórleargas EFG – Lá 2


| | |
|---|---|
| **Seisiún 4** | • Cur chuige comhtháite neamhlíneach a fhiosrú i leith na hoibre le Torthaí Foghlama |
| **Seisiún 5** | • Eispéiris foghlaimeora a dhearadh a chabhraíonn le gach foghlaimeoir i seomra ranga Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe |
| **Seisiún 6** | • Intreoir ar an Tionscadal Gníomhaíochta<br>• Breithniú a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a chur i bhfeidh |




Oide

# “"Bíodh Meas Againn ar a gCothaíonn Muid"”

## Abbey, 17 mbliana d'aois




Oide

# “Inár Lámha-sa atá an Todhchaí”

## Aisling, 17 mbliana d'aois

# Intinní Foghlama Lá 1

- An tsonraíocht maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a fhiosrú
- Tuiscint a fháil ar an tsonraíocht agus ar an gcur chuige comhtháite neamhlíneach i leith an teagaisc agus na foghlama ar fud na snáitheanna
- Scrúdú a dhéanamh ar Thascanna  na Foghlama Feidhmí (TFFanna) agus ar an gcaoi a gcuireann siad ar chumas an scoláire dul i ngleic go comhoibríoch le croíchoincheapa Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe i gcásanna barántúla

Oide



## Gníomhaíocht



## Léitheoireacht



## Aiseolas




## Déan Machnamh


# Tasc chun aithne a chur ar a chéile

Oide




- Cad as duit?
- Taithí?
- Cad é a spreagann tú faoin ábhar seo?






# Cá as na rannpháirtithe?



An Roinn Oideachais
Department of Education

Sonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)


Oide

https://shorturl.at/S8Scp

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide




padlet

[https://tinyurl.com/4s8hpdn4](https://tinyurl.com/4s8hpdn4)

# Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán, déan machnamh ar na nithe seo a leanas:

Cad é a sheasann amach duit agus tú ag féachaint ar an bhfíseán?

**Nasc Físe: https://tinyurl.com/2nvb3ut9**



Oide

# Gníomhaíocht Ghrúpa

- Cén tuiscint atá agat ar Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe?

- Cé atá freagrach as Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe?



# Príomhtheachtaireachtaí

Cur chuige comhtháite neamhlíneach


Croíchoincheapa agus prionsabail idirnasctha

Is féidir le scoláirí tabhairt faoi na torthaí foghlama trí eispéiris chuí sa seomra ranga agus áitbhunaithe.


Tugann Tascanna na Foghlama Feidhmí (TFFanna) deis do scoláirí dul i ngleic go comhoibríoch le croíchoincheapa i gcásanna barántúla.

# An Leanúntas Oideachais

Oide





Aistear




Curaclam na Bunscoile




An tSraith Shóisearach




An tSraith Shinsearch


# Leanúnachas & Dul Chun Cinn

**Taobh amuigh den tSraith Shinsearach**

- Ábharthacht don ghnáthshaol
- Forbairt scileanna
- Conairí Gairme & Oideachais

# Inniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí






# Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach


# Gníomhaíocht Léitheoireacht Chiúin

Oide

Léigh agus aibhsigh na príomhphointí ón tsonraíocht maidir le:

- Réasúnaíocht
- Aidhmeanna

Cum 3 cheist bunaithe ar an bhfaisnéis ar tháinig tú uirthi sa téacs


An Roinn Oideachais
Department of Education

Sonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)


Lgh. 4 & 5



# Leithdháileadh Ama

- Íosmhéid 180 uair an chloig d'am i mbun ranga

# Snáitheanna staidéir




- Eolas, scileanna, luachanna agus meonta
- Cur chuige neamhlíneach, comhtháite
- Gníomh fiúntach
- Ardleibhéal & Gnáthleibhéal




Oide

# Snáithe 1:

# Córais na Cruinne, An Saol agus an Comhshaol

# Snáithe 1: Córais na Cruinne, An Saol agus an Comhshaol

- Tá timpeallacht shláintiúil ríthábhachtach don inbhuanaitheacht.
- Ceistítear an fhianaise ar dhamáiste don chomhshaol agus ar chaillteanas comhshaoil.
- Cuirtear le heolas na scoláirí ar eolaíocht aeráide agus ar chórais chomhshaoil.
- Déantar iniúchadh ar na cúiseanna agus ar na héifeachtaí le hathrú comhshaoil  agus forbraíonn tuiscint ar bhealaí inar féidir na hathruithe sin a thomhas.
- Aithnítear go bhfuil teorainneacha ag baint leis an gcomhshaol agus tuigtear an baol damáiste nuair a bhrúitear thar thairseacha áirithe é.
- Forbraítear tuiscint go bhfuil cothromaíocht chomhshaoil idirnasctha le gach rud.




Oide

# Snáithe 2

# Áit agus Cumhacht na nDaoine

# Snáithe 2: Áit agus Cumhacht na nDaoine

- Iniúchadh a dhéanamh ar ár n-áit i ngníomhú ar son na haeráide agus i bhforbairt inbhuanaithe.
- Tagraíonn áit do scoil na scoláirí, don phobal áitiúil agus d'Éirinn
- Comhthéacsanna idirnáisiúnta a mheas i ndáil le coincheapa amhail forbairt inbhuanaithe, aistrithe córa, bunchúiseanna na héagóra aeráide.
- Mar choincheapa  amhail an pobal, cinnteoireacht, úsáid fuinnimh agus bunchúiseanna le hathrú comhshaoil, glactar am le machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht agus ar a luachanna féin.
- Luachanna a mheas a léirítear trí ghníomhartha daoine aonair agus grúpaí ar leibhéil éagsúla (a scoil, a gceantar, ar fud na tíre agus an domhain).




# Snáithe 3

## Naisc Dhomhanda

# Snáithe 3: Naisc Dhomhanda

- Fiosraíonn siad smaointeoireacht agus gníomhartha domhanda.
- Breathnaíonn siad ar a dtaithí ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe i gcomhthéacs saincheisteanna níos leithne na cinnteoireachta agus na cumhachta mar a léirítear iad trí rialachas, fórsaí eacnamaíocha agus éagothroime dhomhanda.
- Déanann siad iniúchadh ar cheartas aeráide i gcomhthéacs iarrachtaí trasnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanas aeráide, damáiste, agus fiachas éiceolaíoch
- Trí dhul i ngleic le samplaí ón bhfíorshaol, foghlaimíonn siad faoi ról na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus réitigh dhúlrabhunaithe i dtaobh malairt todhchaíochtaí a shamhlú.




Oide

# Snáithe 4

# Tascanna na Foghlama Feidhmí

# Snáithe 4: Tascanna na Foghlama Feidhmí

- Leagtar béim ar an tábhacht atá le scoláirí a gcumas a fhorbairt chun smaoineamh agus gníomhú go hinbhuanaithe.
- Téann scoláirí i gceann ceithre Thasc Foghlaim Fheidhmeach a dhéantar i ngrúpaí beaga thar an dá bhliain
- Téann scoláirí i mbun gceann ceithre Thasc Foghlaim Fheidhmeach a dhéantar i ngrúpaí beaga a bhraitheann siad a bheith ábhartha dóibh féin go pearsanta nó dá bpiaraí, a bpobal áitiúil, nó an tsochaí trí chéile.

# Tugann na 4 Thasc Foghlaim Fheidhmeach deis don scoláire:

Oide

- Dul i ngleic go comhoibríoch le croíchoincheapa.
- Is lionsa iad trínar féidir leis an scoláire blaiseadh a fháil ar chuid den fhoghlaim sna chéad trí shnáithe.
- Tá na torthaí foghlama ó na chéad trí shnáithe fite fuaite ina Chéile.

**Chun an TFF a chur i gcrích, is é a dhéanfaidh na scoláirí:**

- Saincheisteanna a mheas ó pheirspictíochtaí éagsúla de.
- An idircheangailteacht a aithint idir an ghné áitiúil agus dhomhanda
- Cinntí eolacha a dhéanamh a bhíonn bunaithe ar thaighde.
- Cuir chuige idirdhisciplíneacha a mheas le fadhbanna a réiteach agus le réitigh a chruthú.

**"Tá an fhadhb ollmhór, ach tá an t-eolas agus na scileanna againn cheana féin chun í a stopadh agus a aisiompú. Ní mór dúinn ár gcaidreamh leis an dúlra a athmhúscailt, a bheith ag obair leis seachas ina choinne, chun ár bpláinéad a chur ar ais mar a bhí an lá ab fhearr é. "**

**Sir David Attenborough**



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 2

CC BY NC

# Intinní Foghlama Lá 1

- An tsonraíocht a fhiosrú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- **Tuiscint a fháil ar an tsonraíocht agus ar an gcur chuige comhtháite neamhlíneach i leith an teagaisc agus na foghlama ar fud na snáitheanna**
- Scrúdú a dhéanamh ar Thascanna  na Foghlama Feidhmí (TFFanna) agus ar an gcaoi a gcuireann siad ar chumas scoláirí dul i ngleic le croíchoincheapa Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe




Oide

# Snáitheanna Staidéir

# Torthaí Foghlama
# na Sonraíochta a Iniúchadh

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Briathra Gnímh

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

# Teagasc i gcomhair foghlaim scoláirí


Oide

## An nádúr a bhaineann leis an ngníomh

- Aitheantas a thabhairt dá ngníomhaireacht féin,
- Tionchar a bheith acu ar athrú agus
- Cumas chun gníomhú.
- Gníomhaíocht dhearfach aonair nó chomhchoiteann
- Foghlaim ón bhfíorshaol agus foghlaim fheidhmeach
- Dearcadh réalaíoch dóchasach

## An Spás Foghlama




Lgh. 26/27




# Cén chuma a bheadh ar an bhfoghlaim i Seomra Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe?

# Intreoir ar Ghníomhaíocht an Mhúinteora

Oide



# Gníomhaíocht an Mhúinteora

Oide






https://tinyurl.com/mpxdadr5

Oide

# Póstaer a chruthú

1. Príomhphointí faoin staid reatha
2. Dúshláin atá le sárú
3. Tionscnaimh rathúla
4. Réitigh / gníomhartha a beartaíodh le haghaidh feabhais



# SIÚLÓID AN GHAILEARAÍ




# NAISC A DHÉANAMH LEIS NA TORTHAÍ FOGHLAMA






# Gníomhaíocht Mheaitseála Shamplach

Doiciméad Sonraíochta an Churaclaim a Úsáid




**Tabharfar na nithe seo a leanas do gach grúpa:**

- Sraith cártaí lannaithe de chuid FSFanna (Foghlaimíonn Scoláirí Faoi)
- Sraith cártaí lannaithe ina luaitear na torthaí foghlama
- Sraith de chártaí sainmhínithe briathra gnímh

**Treoracha:**



- Ag baint úsáid as an tsonraíocht, meaitseáil na cártaí - FSFanna agus TFanna
- Aimsigh an briathar gnímh sa TF agus meaitseáil é lena shainmhíniú


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Smaoineamh Gníomhaíocht Mheaitseála Shamplach

**Foghlaimíonn an scoláire faoi:**

- **Córais na Cruinne:**
  - Geoisféar
  - Bithsféar
  - Crióisféar
  - Hidrisféar
  - Atmaisféar

- **Éiceachórais dhomhanda:**
  - talún
  - muirí
  - fionnuisce
  - faoi thalamh

- **Idirnaisc éagsúla lena n-áirítear timthriall an charbóin agus timthriall an uisce**

Snáithe 1 Torthaí Foghlama

**Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

Breac-chuntas a thabhairt ar chórais an Domhain agus ar na naisc idir éiceachórais dhomhanda

**Briathra Gnímh:**


Tabhair na príomhphointí; cloígh leis na bunghnéithe

# Gníomhaíocht Mheaitseála Shamplach – Aiseolas

- Cad é an difríocht idir an colún  TF agus an colún FSF?

- Conas a chabhraigh an briathar gnímh leat dul i ngleic leis an TF?




Daoine, Cumhacht, agus Áit
Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht
Naisc Dhomhanda
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ

Oide

***Náisiún a scriosann a ithreacha, scriosann sé é féin. Is iad na foraoisí scamhóga ár gcuid talún, ag íonghlanadh an aeir agus ag tabhairt neart úr dár muintir."***

**Franklin D. Roosevelt.**



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 3

CC BY NC

# Intinní Foghlama Lá 1

- An tsonraíocht a fhiosrú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- Tuiscint a fháil ar an tsonraíocht agus ar an gcur chuige comhtháite neamhlíneach i leith an teagaisc agus na foghlama ar fud na snáitheanna
- **Scrúdú a dhéanamh ar Thascanna na Foghlama Feidhmí (TFFanna) agus ar an gcaoi a gcuireann siad ar chumas scoláirí dul i ngleic le croíchoincheapa Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe**

Oide

# Gníomhaíocht Léitheoireacht Chiúin

Léigh agus aibhsigh na príomhphointí ón tsonraíocht do:

## Snáithe 4

Tascanna Foghlaim Fheidhmeach

Lgh. 21 -25






# Gníomhaíocht Léitheoireacht Chiúin

- **4 Tascanna Foghlaim Fheidhmeach**
- Plan, design, and carry out tasks
- Tascanna a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích
- Dul i ngleic go comhoibríoch leis na croíchoincheapa
- **Lionsa trínar féidir le scoláirí taithí a fháil ar chuid den fhoghlaim ó na chéad trí shnáithe**

Oide

# Tasc Foghlaim Fheidhmeach 1

## Páirt a ghlacadh in idirphlé faoi ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe






Oide

# Tasc Foghlaim Fheidhmeach 2

## Taighde a dhéanamh ar Ghníomhaíocht

Oide

# Tasc Foghlaim Fheidhmeach 3

## Eispéireas dúlrabhunaithe a dhearadh






Oide


# Tasc Foghlaim Fheidhmeach 4

## Gníomh a Eagrú

# Gníomhaíocht an Mhúinteora

- Smaoinigh ar na ceithre Tascanna Foghlaim Fheidhmeach (leathanaigh 21- 25)
- Roghnaigh Tasc Foghlaim Fheidhmeach (TFF) amháin
- Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh an TFF seo tacú le tuiscint do chuid scoláirí ar an ábhar a rinneadh i Seisiún 2 ar Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn

Lgh. 21-25



Oide

# Gníomhaíocht Athmhhachnaimh an Mhúinteora

## Cén coincheap nó scil ón lá inniu is mó atá tú ag iarraidh a chur i bhfeidhm?



# Príomhtheachtaireachtaí

Cur chuige comhtháite neamhlíneach

Croíchoincheapa agus prionsabail idirnasctha

Is féidir le scoláirí tabhairt faoi na torthaí foghlama trí eispéiris chuí sa seomra ranga agus áitbhunaithe.

Tugann Tascanna na Foghlama Feidhmí (TFFanna) deis do scoláirí dul i ngleic go comhoibríoch le croíchoincheapa i gcásanna barántúla.

## "Is cosúil go bhfuil rud dodhéanta i gcónaí go dtí go ndéantar é."

*Nelson Mandela*



# Go raibh maith agaibh